2025/1016

23.5.2025

CINNEADH (AE) 2025/1016 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Bealtaine 2025

lena ndeonaítear maolú do Ríocht na Spáinne ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Melilla

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3175)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas ([1]), agus go háirithe Airteagal 64 de,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE ([2]), agus go háirithe Airteagal 66 di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA AGUS RAON FEIDHME AN CHINNIDH

(1) An 23 Samhain 2020, chuir Ríocht na Spáinne ('an Spáinn') iarraidh ar mhaolú faoi bhráid an Choimisiúin (an 'tIarratas') le haghaidh chríocha neamhleithniseacha na nOileán Canárach, na nOileán Bailéarach, Ceuta agus Melilla (i gcomhpháirt, 'CNLanna') i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 66 de Threoir (AE) 2019/944.

(2) Iarradh maoluithe ar dtús san Iarratas ar Airteagal 8 agus Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 agus ar Airteagail 3, 6, 7(1); 8(1) agus (4), 9, 10, 11, Airteagail 14 go 17, Airteagail 19 go 27 agus Airteagail 35 go 47 de Rialachán (AE) 2019/943. Níor sonraíodh san Iarratas sin fad ama an mhaolaithe arna iarraidh.

(3) An 18 Márta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún an tIarratas ar a shuíomh gréasáin agus d'iarr sé ar na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt faoin 30 Aibreán 2021.

(4) D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar an Spáinn maidir leis an iarraidh ar mhaolú an 17 Lúnasa 2021 agus an 16 Nollaig 2021. D'fhreagair an Spáinn an 4 Deireadh Fómhair 2021 agus 17 Eanáir 2022. San aighneacht dheireanach, rinne an Spáinn mionathrú ar raon feidhme a hiarrata ar mhaolú mar a leanas:

— tarraingíodh siar an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/944 le haghaidh gach CNL;

— tarraingíodh siar an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 le haghaidh na nOileán Bailéarach agus Cueta;

— Chuir an Spáinn iarraidh nua ar mhaolú san áireamh ar Airteagal 40(4) go (7) de Threoir (AE) 2019/944 le haghaidh gach CNL;

— tarraingíodh siar an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 3, an chéad mhír, pointí (d), (f), (g), (h), (i), (l), (m) agus (q) de Rialachán (AE) 2019/943 le haghaidh gach CNL;

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 54 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/943/oj.
([2]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj.

— Tharraing an Spáinn siar an iarraidh ar mhaolú freisin le haghaidh gach CNL ar Airteagal 16(1) agus (2), Airteagal 20(1) agus (2); Airteagal 21(1) go (6); Airteagal 22(1), seachas le haghaidh phointí (f) agus (h); Airteagal 22(4); agus Airteagail 35 go 47 de Rialachán (AE) 2019/943;

— Leag an Spáinn amach fad ama teoranta don mhaolú iarrtha le haghaidh na nOileán Bailéarach agus Ceuta go dtí comhtháthú éifeachtach na gcríoch sin leis an mórthír (nach bhfuil coinne leis roimh 2030).

(5) Níor cheart ach Cathair Fhéinrialaitheach Melilla amháin a chumhdach leis an gCinneadh seo, ós rud é gur glacadh an cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an iarraidh ar mhaolú a chuir an Spáinn isteach i dtaca le CNL na nOileán Canárach an 8 Nollaig 2023 ([3]) agus tabharfar aghaidh ar na hiarrataí ar mhaolú a chuir an Spáinn isteach maidir leis na CNLanna na hOileáin Bhailéaracha agus Cathair Fhéinrialaitheach Melilla i gcinntí ar leithligh.

2. **MELILLA**

An córas leictreachais agus an margadh leictreachais in Melilla

(6) Míníonn an Spáinn nach bhfuil cathair Melilla nasctha le córas leictreachais mhórthír na Spáinne. I ndáil leis sin, maíonn an Spáinn go bhfágann an fad go Leithinis na hIbéire go bhfuil an costas a bhaineann le hidirnascadh an-ard agus go bhfuil sé an-deacair go teicniúil sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, níl aon phlean ann faoi láthair chun an mhórthír a nascadh le Melilla, coinníoll a mheasann an Spáinn a bheith ina réamhriachtanas chun Melilla a chomhtháthú go héifeachtach i margadh leictreachais na hIbéire.

(7) Maíonn an Spáinn gurbh lú ná 3 000 GWh tomhaltas bliantúil Melilla in 1996 (97,5 GWh). De réir na Spáinne, cumhdaítear beagnach an t-éileamh ar fad in Melilla le haonaid giniúna cumhachta teirmí. In 2023, ba é 202 GWh an tomhaltas bliantúil in Melilla, agus as sin freastalaíonn giniúint atá bunaithe ar bhreosla iontaise (gineadóirí díosail den chuid is mó) ar 97,5 % de, agus freastalaíonn giniúint in-athnuaite ar 2,5 % de ([4]).

(8) Sa chomhthéacs sin, míníonn an Spáinn gurb é is mó is cúis leis an ráta níos ísle foinsí in-athnuaite fuinnimh sna CNLanna, i gcomparáid le mórthír na Spáinne, an spás geografach teoranta atá ar fáil le haghaidh acmhainneacht ghiniúna nua, na riachtanais níos airde maidir le giniúint inseolta agus infhaighteacht theoranta saoráidí stórála fuinnimh.

(9) Tugann an Spáinn dá haire go bhfuil méid beag an mhargaidh ina shaintréith de na CNLanna, lena n-áirítear Melilla, rud a chuireann cosc orthu lántairbhe a bhaint as barainneachtaí scála atá le fáil i gcóras leictreachais na mórthíre, agus go bhfuil costais bhreosla níos airde acu. Mar gheall ar a scoitheacht ar bhonn stairiúil tá gá níos mó acu le hacmhainneacht chúltaca shuiteáilte.

(10) De réir na Spáinne, baineann costais táirgthe leictreachais níos airde leis na sainiúlachtaí margaidh sin i gcomparáid leis an mórthír, agus ní mheallann siad gnóthais nua chun teacht isteach sa mhargadh. Dá thoradh sin, níor forbraíodh aon iomaíocht éifeachtach in Melilla.

(11) Go stairiúil, ghin an grúpa Endesa ([5]) beagnach 100 % den fhuinneamh a táirgeadh in Melilla. Is amhlaidh an cás fós sa lá atá inniu ann.

(12) I bhfianaise na bhfadhbanna atá bainteach leis an easpa iomaíochta éifeachtaí agus na costais arda, agus d'ainneoin na mbeart náisiúnta a glacadh chun an iomaíocht a chur chun cinn agus dreasachtaí eacnamaíocha a thabhairt isteach chun spreagadh a thabhairt d'éifeachtúlacht oibríochtúil na suiteálacha agus chun costais ghiniúna a laghdú, maíonn an Spáinn nárbh fhéidir sásra margaidh a bhunú atá comhionann leis an gceann atá i bhfeidhm ar an mórthír.

([3]) Cinneadh (AE) 2024/560 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023 lena ndeonaítear maolú do Ríocht na Spáinne ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na hOileáin Chanáracha (IO L, 2024/560, 15.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/560/oj).

([4]) Féach Evolución demanda | Informes del sistema (sistemaelectrico-ree.es).

([5]) Is leis an ngrúpa Enel 70 % den ghrúpa Endesa.

(13) Míníonn an Spáinn leis sin go ndéantar an leictreachas a ghintear sna CNLanna uile, lena n-áirítear Melilla, a eisiamh ón gcóras tairisceana ar mhargadh na mórthíre. Úsáidtear sásra tosaíochta eacnamaíche le córais leictreachais na CNLanna don seoladh ([6]):

— rangaíonn oibreoir an chórais na gléasraí giniúna in ord fiúntais eacnamaíoch bunaithe ar chostais athraitheacha go dtí go mbeidh an t-éileamh cumhdaithe, agus na srianta teicniúla agus na cúltacaí is gá chun an soláthar leictreachais a rathú á dtabhairt san áireamh;

— tugann taobh an éilimh fógra (tomhaltóirí agus soláthróirí díreacha) don oibreoir córais faoin éileamh de réir uair an chloig i gcórais leictreachais gach CNL;

— tar éis an tseolta laethúil, ceannaíonn taobh an éilimh an fuinneamh ar phraghas atá coibhéiseach le praghas an chórais tairisceana ar an mórthír.

(14) De réir na Spáinne, tugtar san áireamh sa sásra sin na costais arda giniúna leictreachais agus na sainiúlachtaí atá ag na CNLanna, agus bíonn sé d'aidhm aige a áirithiú nach nochtar tomhaltóirí agus soláthróirí ar na críocha sin don chostas níos airde a bhaineann le leictreachas a ghiniúint sna CNLanna i gcomparáid le mórthír na Spáinne, agus an méid sin bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta idir-réigiúnaí.

(15) Míníonn an Spáinn leis sin go bhfuil giniúint an leictreachais sna CNLanna ina córas íocaíochta rialáilte seachas a bheith ina córas íocaíochta margaidh, agus go gcuirtear i bhfeidhm é i ndálaí nach bhféadfadh margadh mórdhíola feidhmiú iontu, agus inarb airde iad na costais ar chúiseanna geografacha agus críochacha, ná costais ginte an leictreachais ar mhórthír na Spáinne.

(16) Tugann an Spáinn dá haire gur leis an sásra a áirithítear go gcumhdaíonn an córas leictreachais agus an buiséad poiblí an costas breise atá de thoradh na difríochta idir na costais ginte níos airde sna CNLanna, agus praghas coibhéiseach an leictreachais leis an gceann atá le fáil ar an mórthír, ionas go n-íocann na tomhaltóirí uile an méid céanna ar leictreachas, beag beann ar an gcóras ina n-ídíonn siad é.

(17) De réir na Spáinne, tá an rialáil ar ghníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte an leictreachais sna CNLanna comhchosúil leis an rialáil atá le fáil ar mhórthír na Spáinne.

(18) A mhéid a bhaineann leis an margadh miondíola, míníonn an Spáinn go bhfuil ceart ag custaiméirí deiridh sna CNLanna chun a soláthróir a roghnú ar na téarmaí céanna leis na custaiméirí deiridh ar mhórthír na Spáinne. Ar an gcaoi chéanna, sainítear coincheap na dtomhaltóirí leochaileacha don Spáinn trí chéile agus, déantar an soláthar a eagrú mar riail ghinearálta ar bhonn aonfhoirmeach ar fud na tíre. A mhéid a bhaineann leis sin, tugann an Spáinn dá haire nach bhfuil aon difríocht ann idir margaí miondíola na mórthíre agus margaí miondíola lasmuigh den mhórthír.

Forléargas ar an gcreat dlíthiúil do na CNLanna

(19) Míníonn an Spáinn go leagtar amach i nDlí 24/2013 go bhfuil soláthar an leictreachais sna CNLanna faoi réir rialachán sonrach. Leagtar amach ann freisin gur féidir íocaíocht bhreise a fháil le haghaidh na gníomhaíochta sin leis an difríocht idir na costais chun leictreachas a ghiniúint sna CNLanna agus na fáltais ó dhíolacháin an leictreachais sna críocha sin a chumhdach. Déantar foráil le Dlí 24/2013 maidir leis na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun nach measfar gur córas scoite atá ann a thuilleadh, is é sin gur féidir leo dul isteach i margadh táirgthe na mórthíre mar gheall ar acmhainneacht nasctha na CNLanna leis an mórthír agus go bhfuil sásraí margaidh i bhfeidhm chun a leictreachas a chomhtháthú.

(20) Tugann an Spáinn dá haire go leagtar amach i nDlí 17/2013 na forálacha ginearálta chun an soláthar a ráthú agus an iomaíocht a mhéadú sna córais leictreachais sna CNLanna ([7]). Go sonrach, déantar foráil in Airteagal 5 de Dhlí 17/2013 gur faoi úinéireacht an oibreora córais a bheidh na saoráidí stórála hidreachumhachta caidéalaithe sna CNLanna arb iad na príomhchuspóirí atá acu soláthar a ráthú, slándáil an chórais a áirithiú, agus foinsí in-athnuaite fuinnimh neamh-inseolta a chomhtháthú.

([6]) Leagtar an creat amach i bhForaithne Ríoga 738/2015 an 31 Iúil 2015 (Real Decreto 738/2015, de 31 de julio, por el que se regula la actividad de producción de energía eléctrica y el procedimiento de despacho en los sistemas eléctricos de los territorios no peninsulares) ('Foraithne Ríoga 738/2015').

([7]) Ley 17/2013, de 29 de octubre, para la garantía del suministro e incremento de la competencia en los sistemas eléctricos insulares y extrapeninsulares.

(21) Tugann an Spáinn le fios gur le Foraithne Ríoga 738/2015 a rialáiltear go mionsonraithe gníomhaíocht an táirgthe leictreachais agus an nós imeachta um sheoladh sna córais leictreachais sna CNLanna chomh maith leis an scéim íocaíochta den ghníomhaíocht sin. Tá an scéim íocaíochta bunaithe ar dhá chomhpháirt íocaíochta: ceann amháin don infheistíocht a dhéantar agus do chostais sheasta eile, agus ceann eile do na costais athraitheacha a thabhaítear le linn oibriú. Is é is cuspóir don íocaíocht sin na costais bhreise a bhaineann le giniúint an leictreachais sna CNLanna a chumhdach. Le Foraithne Ríoga 738/2015 sainítear an costas breise mar an difríocht idir costais uile na giniúna agus an praghas a íoctar sa seoladh leictreachais arna reáchtáil ag an oibreoir córais.

(22) Ina theannta sin, le Foraithne Ríoga 738/2015 tugtar nós imeachta iomaíoch isteach chun acmhainneacht nua a roghnú agus chun acmhainneacht a athchóiriú.

(23) Tugann an Coimisiún dá aire, a mhéid a bhaineann leis sin, go bhfuair an sásra íocaíochta a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015 formheas Státchabhrach ón gCoimisiún ina Chinneadh 'SA.42270 'Táirgeadh an leictreachais sa Spáinn i gcríocha neamhleithniseacha na Spáinne' ([8]).

3. NA MAOLUITHE ARNA nIARRAIDH MAIDIR LE MELILLA

(24) An iarraidh ar mhaolú a cuireadh isteach le haghaidh na Cathrach Melilla, tá sí bunaithe ar a cáilíocht mar chóras beag scoite de bhun Airteagal 2(42) de Threoir (AE) 2019/944.

3.1. Maolú de bhun Airteagal 66 de Threoir (AE) 2019/944

(25) Tá an Spáinn ag iarraidh maolú ar Airteagal 40(4) go (7) agus ar Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí coimhdeacha a dhéanann an t-oibreoir córais tarchurtha ('OCT') agus an toirmeasc ar oibreoirí córais tarchurtha saoráidí stórála fuinnimh a bheith faoi úinéireacht acu nó saoráidí stórála fuinnimh a fhorbairt, a bhainistiú ná a oibriú.

Maolú de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943

(26) Tá an Spáinn ag iarraidh maolú do Melilla ar na forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2019/943:

— prionsabail an mhargaidh in Airteagal 3(1), pointí (a), (b), (c), (e), (j), (k), (n), (o) agus (p);

— rialacha trádála leictreachais de bhun Airteagal 6, Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9, 10, 11, 14, 15, 16 agus 17;

— na rialacha maidir le hioncam ó phlódú a leagtar amach in Airteagal 19;

— Airteagail 14, 15, Airteagal 16(3) go (13), Airteagail 17, 19, Airteagal 20(3) go (8), Airteagal 21(7) agus (8), Airteagal 22(1), pointí (f) agus (h), Airteagal 22(2), (3) agus (5), agus Airteagal 25(2) go (4) le haghaidh aon sásra tacaíochta acmhainneachta nua a d'fhéadfaí a bhunú amach anseo;

— Airteagail 14 go 17, 19 go 27, 35 go 47 le haghaidh an tsásra atá ann cheana arna shainiú i bhForaithne Ríoga 738/2015.

3.2. Fad ama an mhaolaithe arna iarraidh

(27) Measann an Spáinn go mbraithfidh comhtháthú éifeachtach na CNLanna i margadh leictreachais na hIbéire ar idirnascaire a bheith ann le mórthír na Spáinne.

(28) Maidir le Melilla, iarrann an Spáinn go ndéanfar na maoluithe a dhíolmhú ó aon teorainn ama.

4. BARÚLACHA A FUARTHAS LE LINN NA TRÉIMHSE COMHAIRLIÚCHÁIN

(29) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 3, síos trí mhíonna an Mhárta agus Aibreáin 2021, rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí.

([8]) Cinneadh an 28 Bealtaine 2020, *SA.42270 (2016/NN) – Táirgeadh an leictreachais sa Spáinn i gcríocha neamhleithniseacha na Spáinne*, C(2020) 3401.

(30) Bhain na barúlacha uile a cuireadh isteach mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí leis an maolú a d'iarr an Spáinn ar Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 maidir le húinéireacht, bainistiú agus oibriú saoráidí stórála a dhéanann OCT.

(31) Bhí na freagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí in aghaidh maolú den sórt sin a dheonú, óir thabharfaí dlisteanú leis do thionscadal ar ceadaíodh dá réir do Red Eléctrica de España S.A.U. ('REE'), OCT na Spáinne, an Tionscadal Chira-Soria a fhorbairt ('Tionscadal Chira-Soria') ar na hOileáin Chanáracha gan nós imeachta tairisceana a reáchtáil, ([9]) mar a cheanglaítear le hAirteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944. Thug freagróirí dá n-aire freisin nach mbaineann an chaoi a gcumhdaítear an CNL eile leis an maolú freisin le hábhar de bharr oragrafaíocht na nOileán Bailéarach agus mhéid beag Ceuta agus Melilla nach mbeadh stóráil na hidreachumhachta caidéalaithe indéanta ar na críocha úd ([10]).

(32) Thug na freagróirí le fios nach leor an t-oileánachas ann féin mar bhonn cirt chun maolú a fháil ar an gceanglas tairisceana a leagtar amach in Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944, i bhfianaise go dtuairiscítear gur léirigh páirtithe príobháideacha suim i dTionscadal Chira-Soria. Mhaígh siad nach ndearnadh machnamh ar an tsuim sin i bhfianaise Dhlí 17/2013.

(33) Chuir na freagróirí i dtábhacht sa bhreis air sin gur léirigh údarás rialála na Spáinne, an Comisión Nacional de Mercados y Competencia (CNMC) agus Comhairle Stáit na Spáinne ábhair imní faoi Fhoraithne Ríoga 738/2015 agus faoi ról REE saoráidí stórála hidreachumhachta caidéalaithe a bheith faoi úinéireacht acu agus, an tráth céanna, a bheith ina eintiteas ar a mbraitheann an próiseas riaracháin sa chéad dul síos chun saoráidí stórála hidreachumhachta caidéalaithe a údarú.

(34) Go sonrach, i ndáil le Tionscadal Chira-Soria, thug freagróirí argóintí freisin inar líomhnaíodh nach bhfuil bonn cirt eacnamaíoch leis nach gcuireann an tionscadal le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite agus go bhfuil an tionscadal ina chúis le hábhair imní chomhshaoil agus shóisialta ([11]).

5. MEASÚNÚ AR AN IARRAIDH AR MHAOLÚ MAIDIR LE MELILLA

5.1. Córais beag scoite

(35) I gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943, féadfar maolú ar na forálacha ábhartha d'Airteagail 3 agus 6, Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9 go 11, Airteagail 14 go 17, Airteagail 19 go 27, Airteagail 35 go 47 agus Airteagal 51 den Rialachán sin a dheonú sa dá chás seo a leanas:

(a) i gcás córais bheaga scoite agus córais bheaga nasctha, más féidir leis an mBallstát (na Ballstáit) a léiriú go bhfuil fadhbanna substaintiúla i dtaobh oibriú na gcóras sin ann. Sa chás sin, beidh an maolú faoi réir coinníollacha a mbeidh sé d'aidhm acu an iomaíocht agus an comhtháthú a mhéadú leis an margadh inmheánach don leictreachas;

(b) i gcás na réigiún is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE, mura féidir iad a idirnascadh le margadh fuinnimh an Aontais ar chúiseanna follasacha fisiciúla.

(36) I gcomhréir le hAirteagal 66(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2019/944, féadfar maolú ar na forálacha ábhartha d'Airteagail 7 agus 8 agus de Chaibidlí IV, V agus VI a dheonú le haghaidh córais bheaga scoite agus córais bheaga nasctha, más féidir leis an mBallstát (na Ballstáit) a léiriú go bhfuil fadhbanna substaintiúla i dtaobh oibriú na gcóras sin ann. In Airteagal 66(2), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2019/944 leagtar amach i gcás na réigiún is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE nach féidir a idirnascadh le margaí leictreachais an Aontais, beidh an maolú faoi réir coinníollacha a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú nach gcuireann an maolú isteach ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite.

([9]) Baineann Tionscadal Chira-Soria le saoráid stórála fuinnimh a thógáil (gléasra stórála cumhachta hidrileictrí caidéalaithe) d'acmhainneacht shuiteáilte 200 MW agus d'acmhainneacht stórála fuinnimh 3,5 GWh ar oileán Gran Canaria. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an tionscadal féach: Central hidroeléctrica de bombeo reversible Salto de Chira | Red Eléctrica (ree.es).

([10]) Cháileodh an stóráil hidreachumhachta caidéalaithe mar shaoráid stórála de bhun Threoir (AE) 2019/944.

([11]) Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Cinneadh (AE) 2024/560 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2023, aithrisí 33-36.

(37) Faoi Rialachán (AE) 2019/943 agus faoi Threoir (AE) 2019/944 araon, i gcás córais bheaga scoite, tá an maolú le bheith teoranta ó thaobh ama de agus faoi réir coinníollacha arb é is aidhm dóibh iomaíocht a mhéadú agus comhtháthú leis an margadh inmheánach don leictreachas a mhéadú. Ina theannta sin, ní mór a áirithiú nach gcuirfear bac leis an maolú ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, na solúbthachta méadaithe, na stórála fuinnimh, na leictrea-shoghluaisteachta agus na freagartha don éileamh.

(38) In Airteagal 2(42) de Threoir (AE) 2019/944, sainmhínítear 'córas beag scoite' mar 'aon chóras ar lú a thomhaltas ná 3 000 GWh sa bhliain 1996, i gcás ina bhfaightear níos lú ná 5 % den tomhaltas bliantúil trí idirnascadh le córais eile'.

(39) Ina haighneacht, míníonn an Spáinn nach bhfuil Melilla nasctha le mórthír na Spáinne faoi láthair (aithris 6). Ina theannta sin, maíonn an Spáinn gurbh lú ná 3 000 GWh tomhaltas bliantúil Melilla in 1996 (aithris 7).

(40) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Spáinn, agus i gcomhréir le cinneadh SA.42270 ón gCoimisiún 'Táirgeadh an leictreachais sa Spáinn i gcríocha neamhleithniseacha na Spáinne', cáilíonn an chathair Melilla mar chóras beag scoite de réir bhrí Airteagal 2(42) de Threoir (AE) 2019/944.

5.2. **Fadhbanna substaintiúla i dtaobh oibriú an chórais**

5.2.1. *An chiall atá le 'fadhbanna substaintiúla i dtaobh oibriú' an chórais*

(41) Níor shainigh an reachtóir an téarma 'fadhbanna substaintiúla' dá dtagraítear in Airteagal 64(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 66(1) de Threoir (AE) 2019/944. Leis an bhfoirmliú oscailte, is féidir leis an gCoimisiún gach fadhb a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an gcás áirithe de chórais bheaga a mheas, ar choinníoll gur fadhbanna substaintiúla agus nach fadhbanna imeallacha amháin iad na fadhbanna sin. Is féidir fadhbanna den chineál sin a bheith an-éagsúil ag brath ar shaintréithe geografacha, táirgeadh agus tomhaltas an chórais i gceist, ach freisin ar bhonn forbairtí teicniúla (amhail stóráil leictreachais agus giniúint bheag).

(42) I gcinntí ón gCoimisiún a rinneadh roimhe seo, bhain na fadhbanna a bhí le réiteach le comhleanúnachas sóisialta agus/nó dálaí iomaíochta comhionanna a choinneáil ar bun idir an mhórthír agus na hoileáin i gcás inar theastaigh bearta breise ó shlándáil an chórais ar an oileán nó inar tugadh le tuiscint go mbeadh costais i bhfad níos airde ar oileán i gcomparáid leis an mórthír. Dá bhrí sin, ní féidir 'oibriú' a thuiscint go cúng, amhail a cheangal nach mbeadh oibriú slán córais indéanta gan an maolú. Ina ionad sin, measadh i gcónaí go n-áirítear le 'fadhbanna' fadhbanna socheacnamaíocha d'úsáideoirí an chórais atá i gceist ([12]).

(43) Thairis sin, ní mór na fadhbanna substaintiúla sin tarlú le haghaidh oibriú na gcóras beag scoite nó na gcóras beag nasctha. Is cosúil, dá bhrí sin, go bhfuil sé deacair réasúnú a shamhlú a bheadh bunaithe go heisiach ar thionchar a tharlaíonn lasmuigh den chóras, e.g., tionchar ar scéimeanna fóirdheontais náisiúnta. Ní eisiatar leis sin ábharthacht an tionchair 'indírigh' ar oibriú slán an chórais.

5.2.2. *Fadhbanna substaintiúla a chuir an Spáinn i láthair san Iarratas*

(44) Cuireann an Spáinn i dtábhacht roinnt dúshlán agus fadhbanna maidir le hoibriú na margaí leictreachais agus na gcóras leictreachais sna CNLanna, lena n-áirítear Melilla:

— méid beag an mhargaidh sna CNLanna, rud a chuireann cosc orthu lántairbhe a bhaint as na barainneachtaí scála atá i gcóras leictreachais na mórthíre;

— na costais níos airde a bhaineann leis an meascán breosla, as a dtagann costais leictreachais níos airde, ós rud é gur le gás, gual nó díosal a bhreoslaítear an chuid is mó den ghiniúint sna CNLanna;

— na costais arda infheistíochta agus oibriúcháin a eascraíonn as an scoiteacht gheografach agus as méid beag na gcóras;

([12]) Féach e.g. Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2014 lena ndeonaítear maolú don Phoblacht Heilléanach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2009/72/CE ina dtagraítear do na costais níos airde a bhaineann le leictreachas a tháirgeadh ar na hoileáin cé go bhfuil praghsanna cothrom le praghsanna ar an mórthír de réir dlí.

— an gá níos mó atá le hacmhainneacht chúltaca shuiteáilte mar gheall ar scoiteacht gheografach na gcóras. Go sonrach, míníonn an Spáinn go dteastaíonn leibhéal níos airde cúltaca ghuairnigh ó na CNLanna chun na caighdeáin maidir le slándáil an tsoláthair a chumhdach. Tá an caighdeán sin maidir le slándáil an tsoláthair 40-70 % níos airde ná an acmhainneacht shuiteáilte, i gcomparáid le 10 % i gcás na mórthíre. Mar thoradh air sin, ní bhíonn na gléasraí cumhachta ag oibriú ar feadh méid mór ama, rud a fhágann nach bhfuil mórán suime ann infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht nua;

— Na srianta comhshaoil maidir leis an áit a ndéanfar an acmhainneacht ghiniúna nua a shuiteáil, maidir le saoráidí giniúna traidisiúnta agus saoráidí giniúna in-athnuaite araon;

— an costas a bhaineann le hidirnaisc nua a thógáil leis an mórthír agus na hinfheistíochtaí is gá chun sin a dhéanamh, i ngeall ar a suíomh geografach.

(45) De réir na Spáinne, eascraíonn dhá phríomhghné as na dúshláin agus na fadhbanna sin, ar saintréithe de na CNLanna iad: costas níos airde leictreachais agus easpa iomaíochta i nginiúint leictreachais.

(46) Maidir leis an gcostas ard a bhaineann le leictreachas a tháirgeadh sna CNLanna, míníonn an Spáinn, mar gheall ar na dúshláin agus na fadhbanna a liostaítear thuas, gur minic a bhíonn na costais giniúna inseolta dhá oiread níos mó ná na costais giniúna inseolta ar mhórthír na Spáinne. Áitíonn an Spáinn nach mór na CNLanna a eisiamh ó chóras margaidh na mórthíre chun go n-íocfaidh a tomhaltóirí praghsanna atá cosúil le praghsanna na mórthíre.

(47) Maidir leis an easpa iomaíochta sa ghiniúint leictreachais, míníonn an Spáinn go ndearna grúpa gnó aonair gach feidhm soláthair fuinnimh go traidisiúnta mar gheall ar fhorbairt stairiúil na CNLanna agus easpa tarraingteachta na hearnála cumhachta sna réigiúin sin. Mar thoradh air sin, de réir na Spáinne, níl iomaíocht éifeachtach ag Melilla ar leibhéal na giniúna, agus sin d'ainneoin na n-iarrachtaí chun iomaíocht a chur chun cinn.

(48) Sa bhreis air sin, tugann an Spáinn le fios na dúshláin atá bainteach le fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid sna CNLanna, lena n-áirítear Melilla.

5.2.3. *Measúnú*

(49) Aithníonn an Coimisiún argóintí na Spáinne, mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le hoibriú córas beag scoite, na leibhéil an-íseal iomaíochta sa deighleog ghiniúna sna CNLanna, agus mar gheall nach bhfuil aon leibhéal idirnasctha ann le margadh mhórthír na Spáinne, nach bhfuil na coinníollacha maidir le margadh mórdhíola leictreachais atá léirscaoilte go hiomlán a chur chun feidhme in Melilla ann go fóill.

(50) Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil sé sochreidte glacadh leis nach féidir margadh mórdhíola feidhmiúil a chur in úsáid in Melilla gan idirghabháil phoiblí, agus, mar thoradh air sin, nach féidir roinnt forálacha maidir leis na réamh-mhargaí, na margaí lá roimh ré, ionlae agus cothromúcháin a chur chun feidhme ar an gcríoch sin faoi láthair.

(51) Is féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go gcruthódh cur i bhfeidhm iomlán Rialachán (AE) 2019/943 agus Threoir (AE) 2019/944 maidir leis na críocha atá faoi réir na hiarrata sin ar mhaolú fadhbanna substaintiúla i dtaobh oibriú an chórais leictreachais in Melilla.

5.3. **Raon feidhme an mhaolaithe**

5.3.1. *Airteagail 54 agus 66 de Threoir (AE) 2019/944*

(52) Le hAirteagal 54(1) de Threoir (AE) 2019/944 toirmisctear oibreoirí córais tarchurtha saoráidí stórála fuinnimh a bheith faoi úinéireacht acu nó saoráidí stórála fuinnimh a fhorbairt, a bhainistiú ná a oibriú.

(53) Le hAirteagal 54(2) den Treoir sin déantar foráil maidir le féidearthacht do na Ballstáit chun maolú ar an riail sin i gcás inar comhpháirteanna líonra lán-chomhtháthaithe iad na saoráidí agus gur dheonaigh an t-údarás rialála a fhormheas nó i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i bpointí (a) go (c) den mhír sin.

(54) Mar a luadh in aithris 36 thuas, de bhun Airteagal 66(1), an chéad fhomhír de Threoir (AE) 2019/944, is féidir leis na Ballstáit maolú ar na rialacha i gCaibidil VI a iarraidh (lena n-áirítear Airteagal 54) i leith córais bheaga scoite, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú go bhfuil fadhbanna substaintiúla ann maidir lena n-oibriú.

(55) Dá réir sin, sa bhreis ar an bhféidearthacht maidir le maolú a chur i bhfeidhm in Airteagal 54(2) Treoir (AE) 2019/944, féadfaidh an Spáinn maolú a iarraidh ar an gCoimisiún ar Airteagal 54 den Treoir, a mhéid a bhaineann le Melilla, faoi threoir Airteagal 66.

5.3.1.1. An tIarratas

(56) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 20, déantar foráil in Airteagal 5 de Dhlí 17/2013 gur faoi úinéireacht an oibreora córais a bheidh na saoráidí stórála hidreachumhachta caidéalaithe sna CNLanna arb iad na príomhchuspóirí atá leo an soláthar a ráthú, slándáil an chórais a áirithiú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh neamh-inseolta a chomhtháthú.

(57) San Iarratas, cuireann an Spáinn in iúl nach dócha go ndéanfar saoráidí stórála hidreachumhachta a shuiteáil mar gheall ar mhéid beag Melilla ach go bhféadfaí cineálacha eile stórála a mheas ina ionad sin. Maidir leis sin, tagraíonn an Spáinn do staidéir a rinne OCT ina gcuirtear in iúl, i bhfianaise na ngealltanas dícharbónaithe is infheidhme maidir le críocha iargúlta agus mar ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite agus méadú ar an bhfreagairt don éileamh, go mbeidh gá le saoráidí stórála chun soláthar fuinnimh a áirithiú i gcomhréir le ceanglais cháilíochta agus sábháilteachta sheanbhunaithe.

(58) Iarrann an Spáinn dá réir sin an maolú ar Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 do Melilla i gcomhréir le hAirteagal 66 den Treoir.

5.3.1.2. Measúnú

(59) Mar a luaitear in aithris 53, tugann an Coimisiún dá aire go n-áirítear le hAirteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944 cheana féin, ina mhír 2, an fhéidearthacht do na Ballstáit chun maolú a fháil ar an riail i mír 1 den Airteagal sin, is é sin an cosc ar oibreoir córais tarchurtha gan saoráidí stórála fuinnimh a bheith faoin úinéireacht acu, ná gan iad a fhorbairt, a bhainistiú ná a oibriú.

(60) I bhfianaise na féidearthachta a leagtar amach in Airteagal 54(2) de Threoir (AE) 2019/944, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 54(1) de bhun Airteagal 66 den Treoir, le haghaidh na gcineálacha uile teicneolaíochtaí stórála fuinnimh, mar go gcuirfí bac leis sin ar fhorbairt tionscadal stórála fuinnimh ar bhonn margadhbhunaithe.

(61) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht sa bhreis air sin go ndealraítear go bhfuil an oibleagáid ar OCTanna saoráidí stórála fuinnimh sna críocha neamhleithniseacha a leagtar amach i nDlí 17/2013 a bheith faoi úinéireacht acu agus á n-oibriú acu bunaithe ar chritéir atá difriúil ó na cinn a leagtar amach in Airteagal 54 de Threoir (AE) 2019/944. Ní dhéantar ach measúnú sa Chinneadh seo ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais le haghaidh maolú de bhun Airteagal 66(1) de Threoir (AE) 2019/944, agus ní thagann sé roimh mheasúnú an Choimisiúin ar chomhoiriúnacht Dhlí 17/2013 leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/944.

5.3.2. *Airteagal 40(4) go (7) de Threoir (AE) 2019/944*

(62) De réir na Spáinne, is í an easpa iomaíocht éifeachtach sa deighleog ghiniúna a choisceann bunú margaí leictreachais neamhshaofa sna CNLanna. Go sonrach, cuireann sí cosc ar an oibreoir córais tarchurtha margadh cothromúcháin a bhunú agus a oibriú in Melilla, lena n-áirítear seirbhísí coimhdeacha neamh-mhinicíochta margadhbhunaithe a sholáthar.

(63) Measann an Coimisiún go gcuireann na cúiseanna in aithrisí (9) go (12) cosc faoi láthair ar mhargadh cothromúcháin a bhunú agus ar sholáthar margadhbhunaithe seirbhísí coimhdeacha neamh-mhinicíochta in Melilla. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt leis na maoluithe ar na hoibleagáidí in Airteagal 40(4) go (7) de Threoir (AE) 2019/944 i gcomhréir le hAirteagal 66 den Treoir.

5.3.3. *Caibidil II de Rialachán (AE) 2019/943: Rialacha ginearálta do mhargadh an leictreachais - Airteagail 3 agus 6, Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9, 10 agus 11*

5.3.3.1. An tIarratas

(64) De réir na Spáinne, is í an easpa iomaíochta éifeachtaí idir na gineadóirí a chuireann cosc ar bhunú na margaí leictreachais neamhrialáilte. Bunaítear na cinntí seolta sa CNL lena n-áirítear Melilla ar chritéir theicniúla agus eacnamaíocha nach féidir rialacha an mhargaidh a chur i bhfeidhm orthu i gcónaí. Ina theannta sin, míníonn an Spáinn nach bhfuil an praghasmhúnlú sna CNLanna bunaithe ar an tairiscint agus ar an éileamh sna críocha úd, ach orthu siúd ar mhórthír na Spáinne, chun cosc a chur ar thomhaltóirí sna CNLanna costais bhreise an táirgthe leictreachais sna críocha úd a íoc.

(65) Dá bhrí sin, tá an Spáinn ag iarraidh maolú ar na forálacha seo a leanas d'Airteagal 3, an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/943:

— pointí (a), (b), (o), (p), óir de réir na Spáinne ní féidir praghsanna sna margaí i gceist a mhúnlú gan bhac bunaithe ar an tairiscint agus ar an éileamh, agus níl aon réamh-mhargadh ag oibriú ar na críocha úd;

— pointe (c), óir measann an Spáinn gur féidir nach infheidhme iad na rialacha margaidh lena n-éascaítear giniúint agus éileamh solúbtha a fhorbairt sna críocha;

— pointí (e) agus (k), óir de réir na Spáinne ní bhíonn gineadóirí freagrach as an leictreachas a tháirgeann siad a dhíol (is é cúram an oibreora córais ina ionad sin cinneadh a dhéanamh cé acu de na gléasraí ar cheart a sheoladh) agus ní féidir leo tairiscintí comhiomlánaithe a chur isteach;

— pointe (j), óir measann an Spáinn gur féidir go dtabharfar tosaíocht don stóráil fuinnimh de réir na straitéise um stóráil sna críocha sin, agus nach mbeidh sé ar chomhchéim le saoráidí giniúna eile;

— pointe (n), dá dtugann an Spáinn dá haire go bhféadfadh, i bprionsabal, iontráil agus imeacht na giniúna leictreachais a bheith bunaithe ar mheasúnú na ngnóthas ar inmharthanacht eacnamaíoch agus airgeadais a gcuid oibríochtaí, ach i dtéarmaí praiticiúla ní féidir le cuideachtaí giniúna rannpháirt a ghlacadh sa chóras gan córas íocaíochtaí rialáilte a dheonú dóibh trínar féidir costais ghinte a chúiteamh.

(66) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 6, Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9, 10 agus 11, cuireann an Spáinn i dtábhacht cé go rialaítear an córas leictreachais sna CNLanna le córas seolta a oibrítear ar bhealach atá comhchosúil le margaí leictreachais an Aontais, mar shampla le seoltaí laethúla agus ionlae, gur córas rialáilte atá ann. Tá an praghas ceannaigh bunaithe ar phraghas na mórthíre, seachas a bheith bunaithe ar na costais aitheanta a thabhaíonn gineadóirí agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí ginte leictreachais, lena n-áirítear na seirbhísí cothromúcháin. Is ar an mbonn sin atá an Spáinn ag iarraidh maolú ar Airteagal 6, Airteagal 7(1), Airteagal 8(1) agus (4), agus Airteagail 9, 10 agus 11 de Rialachán (AE) 2019/943, óir nach bhfuil aon mhargadh cothromúcháin sna CNLanna, lena n-áirítear Melilla, agus nach bhfuil an fhéidearthacht ann dá chomhtháthú le margaí lá roimh ré agus ionlae an Aontais de bharr a n-easpa nasctha le mórthír na Spáinne.

(67) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/943, tugann an Spáinn dá haire gurb i ngeall ar chineál scoite na CNLanna, go n-oibrítear seoltaí go neamhspleách ar mhargaí na mórthíre agus an Aontais – seachas an praghas tagartha do cheannach an fhuinnimh a bheith bunaithe ar phraghas na mórthíre – agus na seoltaí a bheith bunaithe ar sceidil a ritear de réir uair an chloig.

(68) Ar an gcaoi chéanna, i gcomhréir leis an méid thuas, measann an Spáinn nach bhfuil feidhm ag comhtháthú na réamh-mhargaí, teorainneacha teicniúla ar thairiscintí, agus an luach ar chailliúint lóid dá dtagraítear in Airteagail 9 go 11 de Rialachán (AE) 2019/943 maidir le seoltaí sna CNLanna.

5.3.3.2. Measúnú

(69) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/943, measann an Coimisiún an méid seo a leanas:

— i bhfianaise na gcúiseanna a leagtar amach in aithrisí 9 go 12 faoi láthair, arb iad na cúiseanna nach mbunaítear praghsanna an leictreachais in Melilla de réir cur chuige margadhbhunaithe ach go mbunaítear iad trí mheán sainsásra rialáilte ina ndéanann an t-oibreoir córas seoladh giniúna le haghaidh gach CNL, agus tá bonn cirt le maolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointí (a), (b), (e), (k), de Rialachán (AE) 2019/943.

— i bhfianaise na gcúiseanna a leagtar amach in aithrisí 9 go 12 faoi láthair, arb iad na cúiseanna nach bhfuil aon réamh-mhargadh in Melilla agus go mbaineann réamhaisnéisiú seachtainiúil, laethúil, ionlae le seoladh an oibreora córais chomh maith le diallais san fhíor-am, agus tá bonn cirt freisin le maolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointí (o) agus (p), de Rialachán (AE) 2019/943.

— agus aitheantas á thabhairt gur féidir go mbeidh sé níos deacra leis an gcóras rialáilte atá i bhfeidhm faoi láthair agus leis na saintréithe atá le fáil in Melilla an ghiniúint níos solúbtha, giniúint ísealcharbóin agus éileamh níos solúbtha a fhorbairt, tá gá fós le cur i bhfeidhm rialacha an mhargaidh chun dreasacht a thabhairt dá bhforbairt a mhéid is féidir. Dá réir sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/943;

— Le hAirteagal 3, an chéad fhomhír, pointe (j), de Rialachán (AE) 2019/943 ní choisctear tosaíocht a thabhairt do thionscadail stórála fuinnimh in Melilla, más rud é mar shampla, go meastar na tionscadail sin mar an rogha beartais is fearr chun slándáil an tsoláthair in Melilla a áirithiú. Dá réir sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointe (j), de Rialachán (AE) 2019/943.

— a mhéid a bhaineann le hAirteagal 3, an chéad fhomhír, pointe (n), de Rialachán (AE) 2019/943, ba cheart teacht isteach gnóthais sa mhargadh le haghaidh ghiniúint an leictreachais nó teacht amach uaidh a bheith ag brath ar mheasúnú an ghnóthais sin ar inmharthanacht eacnamaíoch agus airgeadais, agus an fhéidearthacht á tabhairt san áireamh go bhfaighfí an íocaíocht rialáilte a luaitear in aithrisí (15) agus (16). Dá bharr sin, níl bonn cirt le maolú ar Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointe (n), de Rialachán (AE) 2019/943 do Melilla.

(70) A mhéid a bhaineann leis an maolú iarrtha ar Airteagal 6, Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9, 10, 11 de Rialachán (AE) 2019/943, tagraítear leis na forálacha sin do cheanglais maidir leis na réamh-mhargaí, margaí lá roimh ré, ionlae agus cothromúcháin. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Spáinn isteach, is cosúil nach féidir na margaí sin a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach in Melilla (aithrisí 9 go 12). Dá bharr sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le maolú ar na forálacha sin.

5.3.4. *Caibidil III de Rialachán (AE) 2019/943: Rochtain ar líonra agus bainistiú an phlódaithe – Airteagail 14 go 17 agus Airteagal 19*

5.3.4.1. An tIarratas

(71) Míníonn an Spáinn nach féidir na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 14 go 16 agus Airteagal 19 a chur i bhfeidhm sna CNLanna, óir is é an OCT a dhéanann seoladh na giniúna le haghaidh gach ceann de na córais leictreachais sna críocha sin agus nach criosanna tairisceana idirnasctha ar leithligh atá sna córais sin. Ó tharla nach criosanna tairisceana ar leithligh iad na CNLanna, míníonn an Spáinn freisin nach ann do mhargadh comhlachaithe acmhainneachta traschreasaí agus dá réir sin nach ngintear aon ioncam ón bplódú.

5.3.4.2. Measúnú

(72) Is í an iarmhairt a bhíonn ag na maoluithe ar Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/943 nach n-áirítear na córais leictreachais in Melilla sna margaí comhtháite lá roimh ré agus ionlae. Dá bhrí sin, ní gá go mbeidh feidhm ag roinnt forálacha atá bainteach le feidhmiú na margaí sin maidir le Melilla.

(73) Baineann Airteagail 14 go 17 agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/943 le criosanna tairisceana agus le bainistiú ar an acmhainneacht agus ar an bplódú idir na criosanna tairisceana. Sa chomhthéacs sin, tugann an Coimisiún dá aire nach crios tairisceana ar leithligh é Melilla agus nach bhfuil sé beartaithe ag an Spáinn faoi láthair idirnasc a thógáil lena nascfar Melilla leis an mórthír. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag Airteagail 14 agus 15 seoladh margadhbhunaithe idir criosanna tairisceana a bharrfheabhsú, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le maolú ar na forálacha sin. Os a choinne sin, níl feidhm ag na forálacha in Airteagal 16(3) go (13) ná ag Airteagail 17 agus 19 *de facto* maidir le Melilla fad is nach crios tairisceana ar leithligh í an chríoch sin. Fágann sé sin nach bhfuil bonn cirt le maolú ar na ceanglais in Airteagal 16(3) go (13), Airteagail 17 agus 19 de Rialachán (AE) 2019/943.

(74) Maidir le hAirteagal 16(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/943, ina bhfuil prionsabail ghinearálta maidir le bainistiú ar phlódú, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le maolú i bhfianaise scoiteacht agus mhéid beag an chórais in Melilla agus na bhfadhbanna substaintiúla a bhaineann leis sin maidir lena oibriú.

5.3.5. *Caibidil IV de Rialachán (AE) 2019/943: Leormhaitheas acmhainní - Airteagal 20(3) go (8), Airteagal 21(7) agus (8), Airteagal 22(1), pointí (f) agus (h), Airteagal 22(2), (3) agus (5), agus Airteagal 25(2) go (4)*

5.3.5.1. An tIarratas

(75) Míníonn an Spáinn, i ngeall ar scoiteacht gheografach na CNLanna de bharr an leibhéil ísil nó ar an easpa nasctha leis an mórthír, go mbíonn na measúnuithe ar leormhaitheas acmhainní a dhéanann an t-oibreoir córais le haghaidh gach ceann de na CNLanna neamhspleách ar a chéile, agus ní dhéantar iad a chomhtháthú leis an measúnú Eorpach ar leormhaitheas acmhainní ná leis an measúnú de chuid mórthír na Spáinne ar leormhaitheas acmhainní. Dá bhrí sin, measann an Spáinn nach bhfuil roinnt de na forálacha i gCaibidil IV infheidhme maidir leis na CNLanna. Cuireann an Spáinn i dtábhacht gurb é is aidhm do na rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, a mhéid is féidir, foráil a dhéanamh maidir le cóir chomhionann idir na críocha neamhleithniseacha agus margadh na mórthíre, a mhéid a bhaineann leis na leibhéil slándála soláthair nó na modheolaíochta chun tabhairt faoi mheasúnuithe ar leormhaitheas acmhainní.

(76) Áitíonn an Spáinn go n-áirithítear an leormhaitheas sna CNLanna leis an sásra sonrach chun acmhainneacht nua a leithdháileadh mar a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015 mar a thugtar tuairisc air in aithrisí 21 go 23. Measann an Spáinn gur cheart an sásra sin a choinneáil ar bun i bhfianaise chineál uathúil na CNLanna, agus iarrann sí dá réir sin maolú ar Airteagal 20(3) go (8), Airteagal 21(7) agus (8), Airteagal 22(1), pointí (f) agus (h), Airteagal 22(2), (3) agus (5), agus Airteagal 25(2) go (4).

(77) Áitíonn an Spáinn go gcomhlíonann na measúnuithe ar leormhaitheas acmhainní sna CNLanna na prionsabail a áirítear in Airteagal 20(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/943. Míníonn an Spáinn anuas air sin i gcás ina sainaithnítear ábhair imní faoi leormhaitheas, go dtéitear i ngleic leo le nós imeachta tairisceana iomaíoch (mar a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015) i dteannta an mheasúnaithe ar cheantanna um acmhainneacht de bhunadh in-athnuaite. Is nósanna imeachta iad sin, nach féidir, de réir na Spáinne, na ceanglais in Airteagal 20(3) go (8) de Rialachán (AE) 2019/943 a chur i bhfeidhm ina leith.

(78) Míníonn an Spáinn nach bhfuil na forálacha a áirítear in Airteagal 21(7) agus (8) de Rialachán (AE) 2019/943 comhoiriúnach leis an sásra a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015. Maíonn sí, áfach, go mbeidh feidhm maidir le haon sásra acmhainneachta nua amach anseo leis na ceanglais in Airteagal 21(7) agus (8) den Rialachán.

(79) Tugann an Spáinn dá haire go bhfuil an sásra a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015 neamhréireach freisin leis na forálacha seo a leanas de Rialachán (AE) 2019/943:

— Airteagal 22(1), pointe (f), ina leagtar amach go bhfuil an íocaíocht le cinneadh trí mheán próiseas iomaíoch, óir de réir na Spáinne nach bhfuil an íocaíocht sa sásra atá ann cheana bunaithe ar phróiseas iomaíoch, ach ar shuiteáil tagarmhairc chun an éifeachtúlacht a dhreasú;

— Airteagal 22(1), pointe (h), ina leagtar amach nach mór sásraí acmhainneachta a bheith ar oscailt do rannpháirtíocht gach acmhainne lenar féidir an fheidhmíocht theicniúil is gá a sholáthar, óir de réir na Spáinne nach gcuirtear an sásra i bhfeidhm ach amháin maidir le suiteálacha inseolta;

— Airteagal 22(2), ina leagtar amach liosta gnéithe dearthóireachta nach mór do na cúltacaí straitéiseacha a chomhlíonadh, ó tharla, de réir na Spáinne, go dtagraítear leis do mhargaí cothromúcháin leictreachais nach ann dóibh sna CNLanna;

— Airteagal 22(3), ina leagtar amach ceanglais bhreise ar shásraí acmhainneachta seachas cúltacaí straitéiseacha, ó tharla, de réir na Spáinne, nach gcomhlíonann an sásra atá ann cheana na ceanglais sin: nach mbíonn claonadh chun nialais sa chúiteamh nuair is leormhaith é an leibhéal acmhainneachta a sholáthraítear, níl an cúiteamh nasctha leis an acmhainneacht amháin agus nach bhfuil na hoibleagáidí acmhainneachta inaistrithe;

— Airteagal 22(4), lena gcuimsítear ceanglais maidir le teorainneacha astaíochtaí CO_2 ar shásraí acmhainneachta, ó tharla, de réir na Spáinne, nach n-áirítear sa sásra atá ann faoi láthair aon riachtanas den chineál sin, ach go gceadaítear leis teorainneacha teicniúla a shocrú;

— Airteagal 22(5), ina n-éilítear sásraí acmhainneachta a oiriúnú a mbeidh feidhm leo an 4 Iúil 2019.

(80) Míníonn an Spáinn nach bhfuil na caighdeáin iontaofachta do na críocha neamhleithniseacha ailínithe leis na ceanglais in Airteagal 25(3) de Rialachán (AE) 2019/943, óir nach gcuirtear costas ar iontráil nua san áireamh leo. Cuireann an Spáinn in iúl freisin fiú dá mba chomhionann iad na caighdeáin, go bhféadfaidís éirí ina luachana níos doichte ar luas difriúil, agus is ar an mbonn sin a iarrann siad maolú ar Airteagal 25(2) go (4) de Rialachán (AE) 2019/943.

5.3.5.2. Measúnú

(81) Tugtar aghaidh in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/943 ar leormhaitheas acmhainní sa mhargadh inmheánach don leictreachas, agus leagtar amach oibleagáidí do na Ballstáit ann faoin gcaoi chun faireachán a dhéanamh ar leormhaitheas acmhainní agus ar an gcaoi chun gníomhú nuair a shainaithnítear ábhair imní faoi leormhaitheas acmhainní, is é sin trí phlean cur chun feidhme a fhorbairt a mbeidh sé d'aidhm dó saobhadh rialála a bhaint, soláthar cothromúcháin margadhbhunaithe a áirithiú, nó praghsanna rialáilte a bhaint, i measc nithe eile. Tugann an Coimisiún dá aire, mar chuid den phróiseas Státchabhrach, go bhfuil plean cur chun feidhme forbartha ag an Spáinn cheana agus curtha faoi bhráid an Choimisiúin aici i gcomhréir le hAirteagal 20(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2019/943. I gcomhréir le hAirteagal 20(5) de Rialachán (AE) 2019/943, d'eisigh an Coimisiún tuairim maidir le plean cur chun feidhme na Spáinne an 13 Márta 2024 ([13]). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 20(3) go (8) de Rialachán (AE) 2019/943.

(82) Rinneadh Airteagal 21(7) de Rialachán (AE) 2019/943 a aisghairm le Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]). Dá bhrí sin, níl feidhm aige a thuilleadh maidir leis na CNLanna. Maidir leis an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 21(8) ([15]) de Rialachán (AE) 2019/943, tugann an Coimisiún dá aire, cé nach sonraítear leis an bhforáil sin a thuilleadh go bhfuil sásraí acmhainneachta le bheith sealadach, go leagtar amach ann go bhfuil sásraí acmhainneachta le formheas ag an gCoimisiún ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana. Sa bhreis air sin, ní féidir éabhlóid an chórais leictreachais in Melilla le himeacht ama a thuar. Dá réir sin, ba cheart fad ama an tsásra íocaíochta rialáilte a leagtar amach i bhForaithne Ríoga 738/2015 a bheith teoranta don tréimhse suas go dtí 31 Nollaig 2029 mar a formheasadh faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270 maidir le Melilla.

(83) Leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/943 na prionsabail dearthóireachta is infheidhme maidir le sásraí acmhainneachta. Measann an Coimisiún, le maolú ar Airteagal 22(1), pointí (f) agus (h), de Rialachán (AE) 2019/943 ab infheidhme tar éis dháta éaga an tsásra íocaíochta rialáilte a leagtar amach faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270, go bhféadfaí bac a chur leis ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, na solúbthachta méadaithe, na stórála fuinnimh, na leictrea-shoghluaisteachta agus na freagartha don éileamh óir is éard is aidhm do na forálacha sin rannpháirtíocht gach teicneolaíochta a cheadú ar bhonn iomaíoch. Dá bharr sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 22(1), pointí (f) agus (h). Ba cheart é sin a bheith gan dochar do na tiomantais agus conarthaí a tugadh i gcrích a mhéid a bhaineann le Melilla faoin sásra íocaíochta i bhForaithne Ríoga 738/2015 mar a formheasadh faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270.

(84) Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an Spáinn (aithris 79), measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le maolú ar na ceanglais in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2019/943 toisc go bhfuil na ceanglais shonracha dartha le haghaidh cúltacaí straitéiseacha ceangailte go dlúth le margadh cothromúcháin dea-fheidhmiúil a bhunú. Os a choinne sin, níl bonn cirt le maolú ar Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2019/943 toisc go bhfuil sé beartaithe go mbeidh feidhm ag na ceanglais dartha shonracha maidir le sásraí acmhainneachta go neamhspleách ar mhargadh cothromúcháin atá forbartha go leordhóthanach.

(85) A mhéid a bhaineann leis an iarraidh ar mhaolú ar Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2019/943, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú i bhfianaise nach bhfuil Airteagal 22(5) den Rialachán sin infheidhme maidir le sásraí acmhainneachta arna bhformheas tar éis an 4 Iúil 2019.

(86) Maidir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2019/943 ina leagtar amach na ceanglais maidir le teorainneacha astaíochtaí CO_2 ar shásraí acmhainneachta, measann an Coimisiún nach bhfuil na ceanglais maidir le teorainneacha astaíochtaí CO_2 infheidhme maidir leis an sásra íocaíochta rialáilte atá i bhfeidhm faoi láthair arna fhormheas faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270, i bhfianaise mhéid beag chóras leictreachais Melilla, na sriantaí atá bainteach leis na ceadanna comhshaoil is gá a fháil le haghaidh acmhainneacht ghiniúna nua agus an éilimh níos airde ar ghiniúint inseolta chun comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite in Melilla a áirithiú agus chun slándáil an tsoláthair a ráthú. Measann an Coimisiún, le maolú ar Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2019/943 ab infheidhme tar éis dháta éaga an tsásra íocaíochta rialáilte a leagtar amach faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270, go bhféadfaí bac a chur leis ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, na solúbthachta méadaithe, na

([13]) https://circabc.europa.eu/ui/group/8f5f9424-a7ef-4dbf-b914-1af1d12ff5d2/library/b8dcbe85-7324-4e83-9752-fe974fc42cad/details?download=true.

([14]) Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1747, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1747/oj).

([15]) Arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747.

stórála fuinnimh, na leictrea-shoghluaisteachta agus na freagartha don éileamh óir is éard is aidhm do na forálacha sin ceadú do rannpháirtíocht gach teicneolaíochta ar bhonn iomaíoch. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt le maolú ar Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2019/943. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do na tiomantais agus conarthaí a tugadh i gcrích a mhéid a bhaineann le Melilla faoin sásra íocaíochta i bhForaithne Ríoga 738/2015 mar a formheasadh faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270.

(87) I dtuairim an Choimisiúin, ar bhonn na míniúchán arna gcur ar fáil ag an Spáinn (féach aithris 80), níl bonn cirt le maolú ar Airteagal 25(2) go (4) de Rialachán (AE) 2019/943 i dtaobh oibriú na gcóras leictreachais in Melilla, le haghaidh na tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2029 mar a leagtar amach maidir le Melilla faoin gcinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270.

5.3.6. *Maolú ar Airteagail 14 go 17, 19 go 27, 35 go 47 de Rialachán (AE) 2019/943 le haghaidh an tsásra i bhForaithne Ríoga 738/2015*

(88) Ina hIarratas, mar a leasaíodh leis an dara sraith soiléirithe arna seoladh ag an Spáinn an 17 Eanáir 2022, mhaígh an Spáinn le haghaidh an tsásra i bhForaithne Ríoga 738/2015, go bhfuil gá le maolú ar Airteagail 14 go 17, 19 go 27, 35 go 47 de Rialachán (AE) 2019/943. Measann an Coimisiún nach bhfuil gá le maolú chomh fairsing sin chun a cur i bhfeidhm a áirithiú. Tá an Coimisiún den tuairim nach bhfuil bonn cirt ach leis na maoluithe a luaitear sna ranna thuas.

5.4. **Ní bheidh aon bhac ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, na solúbthachta méadaithe, na stórála fuinnimh, na leictrea-shoghluaisteachta agus na freagartha don éileamh**

(89) De bhun Airteagal 64(1), an cúigiú fomhír, de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 66(2) de Threoir (AE) 2019/944, déantar cinneadh um maolú chun a áirithiú nach gcuirtear bac leis ar an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite, na solúbthachta méadaithe, na stórála fuinnimh, na leictrea-shoghluaisteachta agus na freagartha don éileamh.

(90) A mhéid a bhaineann leis an aistriú i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite agus na solúbthachta méadaithe (na freagartha don éileamh san áireamh) agus na stórála fuinnimh, tá sé tábhachtach go dtabharfaí d'aire gur cheart do réamh-mhargaí, margaí lá roimh ré, ionlae agus cothromúcháin atá ag feidhmiú go maith, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/943 agus Treoir (AE) 2019/944, na comharthaí riachtanacha seolta agus infheistíochta a sholáthar chun forbairt fhéideartha na dteicneolaíochtaí sin a uasmhéadú. Mar shampla, bhainfí amach forbairt na freagartha don éileamh is féidir a ghníomhachtú i dtréimhsí a bhíonn an córas leictreachais in Melilla faoi strus i bprionsabal ar bhealach ní b'éasca ina léirítear leis na praghsanna éilimh cás na giniúna in Melilla in aghaidh uair an chloig, seachas cás na giniúna ar an mórthír. Ní choisctear go huathoibríoch leis sin forbairtí ar an bhfreagairt don éileamh ná cineálacha solúbthachta eile sa suíomh rialála atá i bhfeidhm faoi láthair. Ní féidir é a chur as an áireamh áfach go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an gcinneadh maidir le maolú ar fhorbairtí féideartha den chineál sin.

(91) Ar an taobh eile, ní éilítear le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943 go n-uasmhéadaítear le cinntí maidir le maolú an fhéidearthacht don tsolúbthacht ná don stóráil fuinnimh. Ní bhíonn sé d'aidhm ag maolú faoi Airteagal 64 den Rialachán sin ach chun a áirithiú nach 'gcuirtear bac leis' ar aistriú den sórt sin. Is é sin le rá, níor cheart an maolú cosc a chur ar fhorbairtí, a tharlódh go nádúrtha, leis an maolú nó gan é. Ní dócha, in éagmais an mhaolaithe, go bhforbrófaí réamh-mhargaí, margaí lá roimh ré, ionlae agus cothromúcháin atá ag feidhmiú go maith sa chóras leictreachais in Melilla. Is é is cúis leis sin na dúshláin atá bainteach leis na CNLanna a oibriú, na leibhéil an-íseal iomaíochta sa deighleog ghiniúna, agus an easpa nasctha le margadh na mórthíre mar a thugtar tuairisc air i roinn 2. Is gá a áirithiú, áfach, go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na maoluithe a luaithe a bheidh na dálaí ann chun margaí mórdhíola feidhmiúla a fhorbairt. Sin an chúis a bhfuil tréimhse mhaolaithe theoranta agus coinníollacha dochta maidir le síneadh a chur leis an maolú á leagan amach ag an gCoimisiún sa chinneadh seo, mar a leagtar amach i roinn 5.5 thíos.

(92) Is cosúil nach bhfeidhmíonn an maolú tionchar suntasach ar an leictrea-shoghluaisteacht.

5.5. **Fad ama an mhaolaithe agus coinníollacha arb é is aidhm dóibh iomaíocht agus comhtháthú leis an margadh inmheánach don leictreachas a mhéadú**

(93) Le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 66 de Threoir (AE) 2019/944 leagtar amach go sainráite, a mhéid a bhaineann le córais bheaga scoite, go bhfuil an maolú le bheith teoranta ó thaobh ama de agus le bheith faoi réir coinníollacha arb é is aidhm dóibh iomaíocht a mhéadú agus comhtháthú leis an margadh inmheánach don leictreachas a mhéadú.

(94) A mhéid a bhaineann le córais bheaga scoite agus córais bheaga idirnasctha, le Rialachán (AE) 2019/943 agus Treoir (AE) 2019/944, déantar foráil maidir le teorannú sainordaitheach chun críoch éagsúil. Ar an gcéad dul síos, glactar leis iontu gur féidir an creat rialála ginearálta a chur i bhfeidhm maidir le gach cás sa mhargadh inmheánach, agus go dtéann an cur i bhfeidhm ginearálta sin chun tairbhe don tsochaí. Cé go n-aithnítear in Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2019/943 go bhféadfadh gá a bheith le maoluithe le haghaidh cásanna sonracha, tá an fhéidearthacht ann leis na maoluithe sin go gcuirfí le castacht an chórais fhoriomláin agus d'fhéadfaidís a bheith ina mbacainní ar chomhtháthú an mhargaidh i limistéir chomharsanachta freisin. Ina theannta sin, tá an bonn cirt leis an maolú bunaithe go ginearálta ar an gcreat teicniúil agus rialála ag an am, agus ar thoipeolaíocht líonra ar leith. Tiocfaidh athrú ar na cásanna sin uile luath nó mall. Ar deireadh, tá sé tábhachtach go mbeadh rannpháirtithe sa mhargadh in ann athruithe rialála a thuar luath go leor roimh ré. Dá bhrí sin, ní mór gach maolú a bheith teoranta ó thaobh ama de.

(95) Iarrann an Spáinn go ndéanfar na maoluithe maidir le Melilla a dhíolmhú ó aon teorainn ama, ós rud é nach dócha go ndéanfar Melilla a idirnascadh le mórthír na Spáinne (agus an córas sin le córas leictreachais an Aontais ar Mhór-roinn na hEorpa). Cé go n-aithníonn an Coimisiún cúiseanna na Spáinne, tugann sé dá aire nach bhfuil Melilla ar cheann de na réigiúin is forimeallaí a aithnítear faoi Airteagal 349 CFAE agus nach mór an maolú a bheith teoranta ó thaobh ama de.

(96) I bhfianaise na héiginnteachta maidir le hidirnasc a bheith ann amach anseo idir Melilla agus mórthír na Spáinne agus i bhfianaise na bhfadhbanna substaintiúla maidir le hoibriú na críche sin, measann an Coimisiún go bhfuil sé comhréireach na maoluithe a dheonú le haghaidh Melilla ar feadh tréimhse a mhairfidh go dtí go ndéanfar an chathair uathrialach a nascadh le mórthír na Spáinne, seachas an maolú ar Airteagal 25(2) go (4) de Rialachán (AE) 2019/943, a mbeidh feidhm aige maidir leis an tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2029 mar a leagtar amach sa chinneadh maidir le Státchabhair i gcás SA. 42270.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear maolú do Ríocht na Spáinne ar fhorálacha Airteagal 3, an chéad fhomhír, pointí (a), (b), (e), (k), (o) agus (p), Airteagal 6, Airteagal 7(1) agus Airteagal 8(1) agus (4), Airteagail 9, 10, 11, 14, 15, Airteagal 16(1) agus (2), Airteagal 22(2) agus Airteagal 25(2) go (4) de Rialachán (AE) 2019/943 agus Airteagal 40(4) go (7) de Threoir (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le Melilla.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an maolú a dheonaítear faoi Airteagal 1 le haghaidh na nAirteagal uile de Rialachán (AE) 2019/943 agus de Threoir (AE) 2019/944 a liostaítear ann go dtí go mbeidh Melilla nasctha le mórthír na Spáinne, seachas an maolú ar Airteagal 25(2) go 25(4) de Rialachán (AE) 2019/943, a mbeidh feidhm aige maidir leis an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2029.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Dan JØRGENSEN
Comhalta den Choimisiún